



An Phríomh-Oifig Staidrimh
Central Statistics Office

census
2011
RESULTS
www.cso.ie

Preas Ráiteas **Press Statement**

Torthaí Daonáirimh 2011

Staidreamh Daonra i gCeantair Bheaga

Inniu d'fhoilsigh an Phríomh-Oifig Staidrimh an chuid is déanaí ina sraith torthaí ó Dhaonáireamh 2011, le foilsiú Staidreamh Daonra i gCeantair Bheaga, (SAPS).

Tá torthaí an lae inniu foilsithe ar líne ar shuíomh gréasáin an CSO ag www.cso.ie, agus is féidir rochtain a fháil orthu ag baint úsáide as uirlis nua mapála agus cuardaigh idirghníomhach – SAPMAP. Cuimsíonn na sonraí cnuasach 46 tábla eagraithe i réimse téamaí dála oideachas, gairm bheatha, tionscail, eitneachas, náisiúntacht agus tithíocht ar fáil le haghaidh deich sraith difriúil geografaíochta ón Stát ann féin síos chomh fada le Toghranna agus Ceantair Bheaga.

Deirdre Cullen, Staitisteoir Sinsearach leis an CSO: “Don chéad uair riamh, tá sonraí Daonáirimh 2011 ar fás le haghaidh thart ar 18,500 Ceantar Beag ar fud na tíre - iad ar fad a chuimsíonn póca beag den daonra (thart ar 80-100 teaghlach ar an meán) agus dá réir sin soláthraítear an sraith is mionsonraí de shonraí daonra riamh ar fáil i gcás na hÉireann.

Féadfaidh úsáideoirí na huirlise gréasáin SAPMAP cliceáil anois ar a gceantar féin ar an léarscáil agus rochtain láithreach a fháil ar an tacar iomlán de staidreamh an daonáirimh maidir leis an gceantar sin. Is mór an feabhas a chuireann sé seo ar an modh um staidreamh a aimsiú do cheantair bheaga áitiúla mórthimpeall na tíre agus is rí-úsáideach a bheidh sé do phobail áitiúla”.

Féadfar rochtain a fháil ar shonraí SAPS le haghaidh bailte, contaetha nó pobail ar leith ar líne ar shuíomh gréasáin an CSO ag www.cso.ie/census ag baint úsáide as an uirlis SAPMAP agus tá siad ar fáil le haghaidh íoslódála saor in aisce in iliomad formáidí. Ina mhalaírt de chás féadfar an tacar iomlán táblaí le haghaidh sraith geografaí ar leith a íoslódáil mar chomhad amháin ann féin.

I gcomhar leis an Ionad Breathnaithe um Thaighde Uile-Éireann (AIRO) in Ollscoil na hÉireann, Má Nuad, tá sonraí daonáirimh achomair ar fáil freisin i bhfoirm léarscáileanna téamacha ar shuíomh gréasáin an AIRO agus féadfar rochtain a fháil orthu díreach ón bhfeidhmchlár SAPMAP trí nasc a leanúint ó tháblaí an CSO

Mar fhocal scoir dúirt Ms Cullen “Tá sé mar aidhm leis an bhfeidhmchlár nua seo a chinntiú go bhfuil sonraí an daonáirimh inrochtana go héasca do chách – agus do na ceantair uile ó cheann ceann na tíre – agus is tábhachtach an chéim é i ndáil leis na sonraí a thabhairt chun beogachta ar bhealach úr agus spleodrach atá sorochtana do chách.”

Tuilleadh/...



An Phríomh-Oifig Staidrimh
Bóthar na Sceiche Airde
Corcaigh
Éire

Oifig i mBaile Átha Cliath
+353 1 498 4000

Central Statistics Office
Skehard Road
Cork
Ireland

Dublin Office
+353 1 498 4000



LoCall 1890 313 414 (ROI)
0870 876 0256 (UK/NII)
+353 21 453 5000
+353 21 453 5555
information@cso.ie
www.cso.ie



Chun rochtain a fháil ar an Staidreamh Daonra i gCeantair Bheaga:

Chun breathnú ar an bhfeidhmchlár SAPMAP agus na staidreamh a íoslódáil, tabhair cuairt ar shuíomh gréasáin an CSO ag www.cso.ie/census.

Le haghaidh tuilleadh eolais, déan teagmháil le:

Shaun McLaughlin ar (01) 895 1474.

An Phríomh-Oifig Staidrimh, Campas Gnó Shoird, Bóthar Bhaile Anraí, Sord, Co. Bhaile Átha Cliath

Fiosrúcháin Daonáirimh: (01) 895 1460

Facs: (01) 895 1399

R-phost: census@cs0.ie

Idirlíon: www.cso.ie

An Phríomh-Oifig Staidrimh

31 Iúil 2012

– CRÍOCH –